Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 5 Eanáir 2026

CM 5563/1/25
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0357(NLE)**

ASILE
JAI
MIGR
FRONT
RELEX
PROCED

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | jai.migration@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 6418 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026 - Deireadh an nós imeachta i scríbhinn |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí gur tugadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 5555/25 an 19 Nollaig 2025, chun críche an 22 Nollaig 2025 **ar 12.00** CET (am na Bruiséile) agus gur vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar ghlacadh an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026, mar a leagtar amach in 16574/1/25 REV1 é, cé is moite den Ungáir agus den tSlóvaic a vótáil ina choinne, agus den Chipir, den Laitvia, den Phortaingéil agus den Spáinn a staon ón vótáil.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite ón gComhairle.

Tá na ráitis ón Laitvia, ón tSlóvaic agus ón Spáinn le feiceáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo agus déanfar iad a áireamh san achoimre ar na gníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN 1**

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

**maidir le**

**Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026**

Athdhearbhaíonn an Laitvia go hiomlán gur príomhghnéithe den chomhbheartas imirce inbhuanaithe iad prionsabail na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta. Den mheon sin, táimid tiomanta don Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme.

Ag an am céanna, is oth linn go raibh modheolaíocht an Choimisiúin maidir leis an measúnú agus, dá bhrí sin, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026 ag brath go mór ar tháscairí cainníochtúla, rud nár léirigh go hiomlán an staid iarbhír ar an láthair ná nár thug léargas soiléir cuimsitheach do na Ballstáit uile. Mar shampla, níor cuireadh san áireamh go leordhóthanach an suíomh geografach, na rioscaí slándála a tháinig chun cinn, ná iarrachtaí a rinneadh mar gheall ar na tíortha comharsanacha naimhdeacha chun ár dteorainneacha seachtracha a neartú.

Creidimid nach mór do mheasúnuithe amach anseo tosca cáilíochtúla a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, i.e., sonraíochtaí réigiúnacha, agus réaltachtaí slándála atá ag teacht chun cinn, lena n-áiritheofar go mbeidh na bearta dlúthpháirtíochta idir chothrom agus inoibrithe.

Measann an Laitvia go láidir go bhfuil aghaidh á tabhairt aici ar staid shuntasach imirce i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2024/1351 agus, dá bhrí sin, d’iarr sí go n-asbhainfí go hiomlán na rannchuidithe atá geallta aici don Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta le haghaidh 2026.

Leanfaimid den idirphlé cuiditheach leis an gCoimisiún Eorpach chun a áirithiú go léireofar go hiomlán agus go cruinn, sna measúnuithe a dhéanfar amach anseo, na dúshláin a bhaineann le teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint.

I bhfianaise na n-imthosca sin, staonfaidh an Laitvia ón vótáil ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

**IARSCRÍBHINN 2**

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SLÓVAICE**

**maidir le**

**Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026**

Cuireann Poblacht na Slóvaice in iúl go n-urramaíonn sí tiomantas agus iarrachtaí Uachtaránacht na Danmhairge agus an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an gcéad timthriall bliantúil bainistithe imirce a sheoladh. Táimid tiomanta i gcónaí tacú le tionscnaimh lena gcothaítear beartas imirce de chuid an Aontais atá bainistithe, cothrom agus inbhuanaithe.

Ó bhí mí an Mhárta 2022 ann, tugadh cosaint shealadach sa tSlóvaic do bhreis agus 175 000 Úcránach. Chuir sé sin brú suntasach ar acmhainneachtaí Phoblacht na Slóvaice, lena n-áirítear a córais shóisialta, sláinte agus oideachais, chomh maith lena cumas cóiríocht leordhóthanach a chur ar fáil. Ina theannta sin, bhí dúshlán suntasach roimh Phoblacht na Slóvaice ón imirce thánaisteach ar bhealach na mBalcán Thiar idir 2022 agus 2023. Le linn na tréimhse sin, ba mhó ná 59 000 an líon náisiúnach tríú tír a tháinig isteach go neamhdhleathach. Is cúis imní é nár áiríodh Poblacht na Slóvaice ar liosta na dtíortha a bhfuil staid shuntasach imirce ag bagairt orthu, in ainneoin a daonra agus a OTI. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 62, mír 3 de Rialachán (AE) 2024/1351 maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, d'iarr Poblacht na Slóvaice go foirmiúil, trí litir aireachta ag deireadh mhí na Samhna 2025, go ndéanfaí an rannchuidiú dlúthpháirtíochta le haghaidh 2026 a asbhaint go hiomlán.

Le linn chruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 8 Nollaig 2025, chuir Poblacht na Slóvaice roinnt agóidí in iúl maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an comhthiomsú dlúthpháirtíochta bliantúil. Áirítear ar na hábhair imní sin: nach n-aontaíonn sí leis an uimhir thagartha ná leis an argóint go mbíonn méadú níos mó ar shreabha imirce sa dara leath den bhliain, an choinbhleacht le ceanglas an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce (RBTI) agus go gceanglaítear ar an gComhairle cinneadh a dhéanamh maidir le hasbhaintí, rud nach féidir a dhéanamh go dtí go nglacfar an cinneadh maidir leis an gcomhthiomsú dlúthpháirtíochta, agus an coincheap 'dlúthpháirtíocht leagáide' nó an t-ainm nua a thugtar air, is é sin 'foirmeacha tacaíochta dlúthpháirtíochta eile', nach bhfuil bonn aige sa Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce.

I bhfianaise na gcúiseanna thuasluaite, ní féidir le Poblacht na Slóvaice tacú leis an gcinneadh ón gComhairle agus vótálann sí ina choinne.

**IARSCRÍBHINN 3**

**Ráiteas ó Ríocht na Spáinne atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle**

**Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026 (16575/1/25 REV1)**

1. Tá an Spáinn tiomanta do chur chun feidhme an Chomhaontaithe Eorpaigh um Inimirce agus um Thearmann a comhaontaíodh faoi Uachtaránacht na Spáinne ar an gComhairle in 2023. Cloch mhíle stairiúil atá sa Chomhaontú sin maidir le beartas cuimsitheach agus creat dlíthiúil cuimsitheach de chuid an Aontais a fhorbairt chun tearmann agus imirce a bhainistiú. Tá an Comhaontú bunaithe ar an gcothromaíocht a chumhdaítear i bprionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta.

2. Is é is aidhm don sásra éigeantach dlúthpháirtíochta aghaidh a thabhairt ar riachtanais na dtíortha sin a bhfuil níos mó freagrachta glactha acu i gcúrsaí imirce, rud a rachaidh chun tairbhe don Aontas ina iomláine. Chinn an Coimisiún Eorpach go bhfuil an Spáinn faoin mbrú imirce sin, bunaithe ar na sonraí a bailíodh idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025. Aithníonn an Spáinn sainiúlachtaí staid na himirce sna Ballstáit éagsúla, agus an gá atá lena áirithiú go bhfreastalóidh an sásra éigeantach dlúthpháirtíochta go héifeachtach ar na tíortha uile laistigh den chreat dlíthiúil a comhaontaíodh.

3. Chun a áirithiú go gcomhroinnfear an fhreagracht sin go cothrom, shainaithin an Coimisiún gurb ionann riachtanais dlúthpháirtíochta an Aontais agus 30 000 athshocrú nó EUR 600 milliún i ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh 2026. Is éard atá sna méideanna sin an íostairseach a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán 2024/1351 an 14 Bealtaine 2024 maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce (RBTI).

4. Mar sin féin, imíonn an comhthiomsú dlúthpháirtíochta bliantúil a áirítear sa Chinneadh seo ón gComhairle ó fhorálacha an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce. Ar an gcéad dul síos, tá an eochair thagartha níos ísle ná an íostairseach sin. Ina theannta sin, luaitear sa Chinneadh nár chomhlíon roinnt Ballstát a n-oibleagáid a rannchuidithe dlúthpháirtíochta a ghealladh. Thairis sin, tháinig laghdú uathoibríoch ar rannchuidiú roinnt tíortha, go hiomlán nó go páirteach, gan cinneadh a bheith déanta ag an gComhairle maidir leis na hasbhaintí sin. Ar deireadh, foráiltear leis an gCinneadh ón gComhairle go bhféadfaidh na Ballstáit rannchuidiú go díreach trí bhearta dlúthpháirtíochta eile nár cheart a úsáid ach amháin sa dara céim den sásra dlúthpháirtíochta. Mar thoradh air sin, is ionann an dlúthpháirtíocht iarbhír agus 962 athshocrú agus

EUR 74.66 milliún, i gcomparáid le 30 000 athshocrú nó EUR 600 milliún arna sainaithin ag an Coimisiún ar dtús.

Leis an neamhréireacht urghnách idir, ar thaobh amháin, na riachtanais agus na hoibleagáidí dlíthiúla sainaitheanta agus, ar an taobh eile, inneachar deiridh an Chinnidh, ní ráthaítear dlúthpháirtíocht éifeachtach lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na mBallstát atá faoi bhrú imirce ná ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí atá ar gach tír maidir le rannchuidiú.

5. Ba cheart a chur i dtábhacht nach mór an tagairt don chéatadán táscach 42 % a dhéantar in Airteagal 1(6) den Chinneadh a thuiscint mar sciar íosta. Ar bhonn na sonraí le haghaidh na tréimhse tagartha agus na riachtanas sainaitheanta, measann an Spáinn gur cheart méadú suntasach a dhéanamh ar an gcéatadán den chomhthiomsú atá le leithdháileadh ar thíortha atá faoi bhrú imirce mar gheall ar an líon ard díbhordálacha tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála.

6. Is ábhar imní don Spáinn é go leagtar síos fasach diúltach leis an gCinneadh seo, ní hamháin don cholún dlúthpháirtíochta, ach freisin don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann ina iomláine agus don chothromaíocht idir freagracht agus dlúthpháirtíocht, agus gan ach 6 mhí fágtha sula mbeidh éifeacht iomlán lena fhorálacha uile.

Dá bhrí sin, cuireann an Spáinn i dtábhacht gur cheart cineál eisceachtúil an Chinnidh seo don chéad timthriall dlúthpháirtíochta a sheachaint amach is amach agus comhthiomsuithe dlúthpháirtíochta á mbunú i dtimthriallta amach anseo.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, níl an Spáinn in ann tacú leis an gCinneadh seo. Mar sin féin, i bhfianaise a thiomanta atá sí don Chomhaontú Eorpach um Inimirce agus um Thearmann, deir toscaireacht na Spáinne go bhfuil sí AG STAONADH ón gCinneadh a ghlacadh.